NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Suim agat i bhforbairt an churaclaim?

Tá an CNCM ag lorg beirte chun obair a dhéanamh mar bhaill de **Ghrúpa Forbartha na Matamaitice** nua. Beidh ról lárnach ag an ngrúpa forbartha seo a thosóidh i mí Dheireadh Fómhair 2014 i dtaca le sonraíocht nua a fhorbairt a ghlacfaidh áit Mhatamaitic Fheidhmeach AT agus a chuirfidh chun cinn obair ar an tionscnamh *Project Maths* chomh maith.

Comhthéacs

Tugann an CNCM treoir don Aire Oideachas agus Scileanna ar churaclam agus ar mheasúnú don oideachas luath-óige, do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Le linn an tionscnamh *Project Maths* a chur chun cinn agus mar chuid den leasú is leithne ar an matamaitic, tá sonraíocht nua don Mhatamaitic Fheidhmeach á forbairt. Áireofar ar bhaill an ghrúpa fhorbartha ainmnithigh ó na páirtithe oideachais, ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus príomháisíneachtaí oideachais eile. D'fhonn teacht ar shaineolas breise, tá an CNCM ag lorg foirmeacha léiriú suime ó dhaoine aonair ar mhaith leo cur leis an obair ar an tsonraíocht don Mhatamaitic Fheidhmeach AT nua.

Saineolas agus oilteacht

D'fhéadfadh daoine ar spéis leo é ceann nó níos mó de na tréithe seo a leanas a thairiscint:

- taithí ar chleachtas nuálach TFC in oideachas matamaitice
- taithí ar chuir chuige fadhblárnaithe maidir le foghlaim na matamaitice
- baint le taighde i réimsí atá gaolmhar nó bainteach le feidhmeanna matamaiticiúla
- taithí ar chúrsaí foghlaim chumaisc a dhearadh
- taithí ar bheith ag obair le torthaí foghlama
- eolas ar chleachtais mheasúnaithe, go háirithe i réimse na gcur chuige fadhblárnaithe sa mhatamaitic.

Más múinteoir nó taighdeoir tú, agus go speisialta má tá tú ag tosú amach i do ghairm,

nó má oibríonn tú lasmuigh d'earnáil an oideachais fhoirmiúil, bheadh suim ar leith ag an gComhairle cloisteáil uait.

Tá sé de rún ag an gComhairle a cuid oibre ar an dréachtsonraíocht bheith críochnaithe faoi dheireadh 2015, le haghaidh comhairliúcháin 2016. Tacóidh an Grúpa Forbartha leis an obair seo trí shraith de chruinnithe lae. Meastar sa tréimhse roimh an tasc a chríochnú, go mbeidh 6 nó 7 de na cruinnithe sin ar siúl.

Iarratas

Comhlánaítear an fhoirm 'léiriú spéise' ar líne roimh **31.10.14.** Líonfar dhá áit sa ghrúpa forbartha tríd an bpróiseas sin.

Breis eolais

Gheobhaidh tú tuilleadh eolais ar fhorbairtí sa tsraith shinsearach go ginearálta ar ár suiomhgreasáin. Foilseofar Doiciméad Eolais don Mhatamaitic Fheidhmeach AT i Samhain 2014.

Is féidir freisin gur spéis leat breathnú ar Phlean Straitéiseach 2012-2015 CNCM ag http://www.ncca.ie/en/About_Us/Strategic_Plan/.